Comhairle AE

PRESS
GA

**RÁITEAS AGUS BARÚLACHA**
153/16
22/03/2016

# Ráiteas comhpháirteach ó Chinn Stáit nó Rialtais an Aontais Eorpaigh agus ó cheannairí institiúidí an Aontais Eorpaigh maidir leis na hionsaithe sceimhlitheoireachta sa Bhruiséil

Tá an tAontas Eorpach faoi chian maidir le híospartaigh na n-ionsaithe sceimhlitheoireachta a rinneadh inniu sa Bhruiséil. Ionsaí ar ár sochaí dhaonlathach oscailte ab ea é.

Is sa Bhruiséil atá ár n-institiúidí Eorpacha coiteanna á n-óstáil, a bhuí le flaithiúlacht rialtas na Beilge agus muintir na Beilge. Seasann an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit go diongbháilte leis an mBeilg, gualainn ar ghualainn, agus tá rún daingean acu dul i ngleic leis an mbagairt seo agus leas á bhaint as gach acmhainn is gá chuige sin.

Is diongbháilte ná riamh atáimid, tar éis an ionsaithe seo is déanaí, chun luachanna agus caoinfhulaingt na hEorpa a chosaint ó ionsaithe dhream na héadulaingthe. Is aontaithe agus diongbháilte a bheimid agus an fuath, an t-antoisceachas foréigneach agus an sceimhlitheoireacht á gcomhrac againn.

**Press office - General Secretariat of the Council of the EU**
Rue de la Loi 175 - B-1048 BRUSSELS - Tel.: +32 (0)2 281 6319
press@consilium.europa.eu - www.consilium.europa.eu/press